

North South Ministerial Council  
Joint Secretariat



An Chomhairle Aireachta  
Thuaidh Theas  
An Chomhrúnaíocht

## **PHÁIPÉAR CATT TEANG 1 (15) CR**

### **AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUaidH THEAS**

#### **CRUINIÚ - AN FORAS TEANGA**

#### **OIFIG GHNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE BÉAL FEIRSTE**

**10 MEITHEAMH 2015**

### **COMHRÁITEAS**

1. Tionóladh an ceathrú cruinniú is fiche d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas i gCeanncheathrú Gníomhaireacht na hUltaise, Béal Feirste, ar an 10 Meitheamh 2015. I láthair ag an gcuinniú bhí Carál Ní Chuilín MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, an tAire Sóisearach in OCALCA, Michelle McIlveen MLA, Heather Humphreys T.D., an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Joe McHugh T.D., an tAire Stáit do Ghnóthaí Gaeltachta. Rinne an tAire Ní Chuilín cathaoirleacht ar an gcuinniú.

#### **TUARASCÁIL AR DHUL CHUN CINN**

2. Nótáil na hAíreí tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Fhoras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise ina bhfuil an méid seo a leanas bainte amach sa tréimhse ó mhí na Samhna 2014 go mí na Bealtaine 2015:

#### **Foras na Gaeilge:**

- dul chun cinn leanúnach ar na socrúithe nua maoinithe, lena n-áirítear 12 chruinniú go dtí seo den fhóram comhpháirtíochta agus 3 chruinniú go dtí seo den fhóram forbartha teanga; earcú foirne agus bunú oifigí na 6 cheanneagraíocht i mBéal Feirste, san Iúr, i mBaile Átha Cliath, i Ráth Chairn, i mBaile Átha an Rí, i gCasla agus i nDún Garbhán;
- rath i ngnóthú maoiniú Eorpach faoi Chlár na hEorpa Cruthaithí, i gcomhar le ceithre heagraíocht eile, chun scríbhneoireacht chruthaitheach i mionteangacha a chothú;
- tuilleadh dul chun cinn leis an bhFoclóir nua Béarla-Gaeilge agus dearadh shonrúchán na 'hAipe' a bheidh ar fáil don bhliain acadúil a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2015; agus
- cuireadh foilseachán de na treoirlínte nua do dhea-chleachtas i bhfreastal ar phobal na Gaeilge ar fáil do na sárchomhairlí nua ag comhdháil a tionóladh in Ard Mhacha ar an 25 Márta 2015.

### **Gníomhaireacht na hUltaise:**

- eagrú ceolchoirm Oíche Burns, i gcomhar le Ceolfhoireann Uladh, sa Halla Cois Cuain i mBéal Feirste i mí Eanáir agus a craoladh ina dhiaidh sin ar BBC 2;
- seoladh tairseach gréasáin nua na hUltaise do chuairoteoirí, [www.discoverulsterscots.com](http://www.discoverulsterscots.com), a áiríonn réimse síormhéadaitheach de nithe is díol spéise do chuairoteoirí, lena n-áirítear Drioglan Bushmills, Céad-Eaglais Phreispitéireach Dhoire agus Ardeaglais Naomh Anna, Béal Feirste;
- gailearaí nua na hUltaise ag Músaem an Dúin Thuaidh, Beannchar, atá á mhaoiniú ag an nGníomhaireacht agus a d'oscail ar an 14 Bealtaine 2015; agus
- maoiniú curtha ar fáil do theagasc ceol agus damhsa na hUltaise i 42 bhunscoil, chomh maith le soláthar 24 chlub iarscoile Ultaise agus 11 cheardlann scoile Ultaise.

Nótáil na hAíre freisin an dul chun cinn ar chomhoibriú idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise, lena n-áirítear:-

- tá an Polasaí um Chosaint agus an Cód Cleachtais do chomhlachtaí bunmhaoinithe athbhreithnithe agus nuashonraithe ag comhairleoírí seachtracha; agus
- faoin comhthionscadal do Scoileanna Imeasctha, cuireadh 6 cheardlann ar bun do Priory Integrated College, Ard Mhic Nasca, le linn mhí na Samhna-Nollag 2014, rud a thug léargas do 25 dhalta ó bhliain 8 ar an nGaeilge

agus ar theanga agus ar chultúr na hUltaise. Lean cur i bhfeidhm céimneach an chláir le Shimna Integrated College, An Baile Meánach, i mBealtaine-Meitheamh 2015 agus tá pleananna idir lámha maidir le scoileanna eile.

## **CUNTAIS AGUS TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA**

3. Nótáil an Chomhairle gur cuireadh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2013 faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann ar an 5 Meitheamh 2015.
4. Nótáil an Chomhairle freisin go bhfuil na hiniúchtaí allamuigh i dtaca le cuntais 2014 curtha i gcrích do Gníomhaireacht na hUltaise agus go cuirfear tús le cinn Fhoras na Gaeilge i Meitheamh/Iúil 2015.

## **DEISEANNA MAOINITHE AE**

5. Nótáil na hAirí go bhfuil Gníomhaireachtaí an Fhorais Teanga ag leanúint i gcónaí le deiseanna féideartha a shainaithint chun uasmhéadú a dhéanamh ar na buntáistí a bhaineann le maoiniú AE.
6. Nótáil an Chomhairle go bhfuil plé taiscéalaíoch ar bun ag Gníomhaireacht na hUltaise le roinnt páirtithe leasmhara maidir leis an bhféidearthacht do thionscadal a bhaineann le fiontraíocht le daoine óga i bpobail iargúlta faoi Chlár an Fhorimill Thuaidh agus an Artaigh. Ar na comhpháirtithe féideartha tá Múrna agus Oirthear Dhún na nGall, ag nascadh le Garbhchríocha na hAlban agus an Iorua. Tá an Gníomhaireacht i mbun comhthadhaill le Teagmhálaí Réigiúnach na gClár Trasnáisiúnta/Idir-réigiúnach ag an SEUPB maidir le maoiniú féideartha don tionscadal.
7. Nótáil na hAirí gur bhain Foras na Gaeilge maoiniú AE amach faoi Chlár na hEorpa Cruthaithí do thionscadal litríochta dar teideal *Other Words*, i gcomhar leis an Spáinn, an tSlóivéin, Poblacht Iar-Lúgslavach na Macadóine agus an tSualainn. Méadóidh an tionscadal, a sheolfar i mí Iúil, próifíl litríocht na mionteangacha ar fud na hEorpa, sna bunteangacha agus sna haistriúcháin araon.
8. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an gcomhoibriú leanúnach idir gníomhaireachtaí agus oifigigh sa dá dhlínse chun an méid is mó maoinithe is féidir a tharraingt anuas ón AE agus spreag siad oifigigh chun leanúint orthu ag lorg deiseanna nua do thionscadail a mbeadh ar an gcumas maoiniú den saghas sin a mhealladh ón AE.

## **CLÁR TIONCHAR POBAIL GHNÍOMHAIREACTH NA hULTAISE**

9. Rinne Ian Crozier, Príomhfheidhmeannach Gníomhaireacht na hUltaise, cur i láthair gearr ar an obair atá á cur chun cinn ag an nGníomhaireacht i gcothú cumais agus i dtacú le forbairt pobail trína Clár Tionchar Pobail. Áiríonn an clár

tacú le líon beag post forbartha lánaimseartha in iarracht tacaíocht níos spriocdhírthe agus níos marthanaí a chur ar fáil do ghrúpaí pobail.

## **FORAS NA GAEILGE – TIONSCADAL AN FHOCLÓRA**

10. D'fhaomh an Chomhairle, laistigh den bhuiséad reatha, amchlár athbhreithnithe do thionscadal an Fhoclóra Béarla/Gaeilge chun táirge deiridh níos cuimsithí a chinntiú, lena n-áirítear rogha d'fhormáidí clóite, ar líne agus aipe.
11. Nótáil an Chomhairle na spriocanna nuashonraithe, lena n-áirítear foilsiú 120,000 aonad céille in 2015, foilsiú 10,000 aonad céille eile in 2016, le béim ar leith ar na curaclaim bunscoile agus iarbhunscoile sa dá dhlínse, agus foilsiú leagan clóite an fhoclóra do thús na bliana acadúla in 2017.

## **AN CHÉAD CHRUIINIÚ EILE**

12. D'aontaigh an Chomhairle go dtionólfar an chéad chruinniú eile den Foras Teanga i mí na Samhna 2015.

**An Chomhrúnaíocht**

**10 Meitheamh 2015**

**[www.northsouthministerialcouncil.org](http://www.northsouthministerialcouncil.org)**